

# Straitéis Tithíochta

5.1	Achoimre Fheidhmiúcháin	198
5.2	Réamhrá	198
5.3	Fís	199
5.4	Comhthéacs	200
5.5	Athbhreithniú ar An Straitéis Tithíochta 2001 - 2007	201
5.6	Dul Chun Cinn go D tí Seo	201
5.7	Riachtanais & Soláthar Tithíochta	203
5.8	Soláthar Talún & Tithíochta	206
5.9	Treochtaí an Mhargaidh Tithíochta	206
5.10	An Straitéis Tithíochta	209

### 5.1 ACHOIMRE FHEIDHMIÚCHÁIN

Ullmhaítear Straitéis Tithíochta Chomhairle Contae na Mí de réir Chuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000 agus Chuid II den Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2002. Baineann an Straitéis seo le saolré an Phlean Forbartha 2007 - 2013. Tagann sí in ionad na Straitéise Tithíochta ar glacadh léi i 2001.

Sonraítear san Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000 go ndéanfaidh an Straitéis Tithíochta;

- A chinntiú go bhfuil tithíocht ar fáil do dhaoine le leibhéal éagsúla ioncaim acu;
- Meastachán den riachtanas atá ar thithíocht agus is dócha a bheidh uirthi sa cheantar, agus a chinntiú go gcuirtear dóthain talaimh chriosaithe agus seirbhísithe ar fáil leis na riachtanais dá leithéid sin a shásamh;
- Foráil a dhéanamh go gcuirfead in áirithe mar pholasaí ginearálta céatadán sonrath (nach sáraíonn 20%) den talamh atá criosaithe d'úsáid chónaitheach sa Phlean Forbartha, nó do mheascán úsáide cónaithe nó eile, dóibh siúd a dteastaíonn tithíochta shóisialta agus inacmhainne sa cheantar;
- A chinntiú go soláthraítear meascán cineálacha agus méideanna tithíochta le riachtanais chatagóirí éagsúla teaghlach a shásamh, lena n-áirítear sainriachtanais daoine scothaosta agus daone le míchumais, agus;
- Gníomhú in aghaidh deighilt mhíchúil idir daoine ó chúla sóisialta éagsúil;

Áirítear na torthaí agus moltaí seo a leanas le príomhchinn na Straitéise seo:

- Tógfar 29,508 aonad tithíochta breise i gceantar na Mí idir 1 Eanáir 2007 agus 31 Nollaig 2013;
- Is ríleor é toilleadh an talaimh sheirbhísithe (nó pleanáilte lena seirbhísiú) agus chriosaithe don tithíocht chun an riachtanas tithíochta foriomlán a shásamh thar an tréimhse sin;
- 990 aonad tithíochta arna soláthar ag an Údarás Áitiúil / Eanáil Tithíochta Dheonach, le 300 teach breise ag eascairt as corrfholúntais ag éirí aníos i gcaitheamh an Phlean Forbartha;
- Forbairt 90 aonad tithíochta comhúinéireachta / inacmhainne ag Comhairle Contae na Mí / na hEanála Tithíochta Deonraí go díreach nó trí Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach ag ionaid éagsúla ar fud na Mí;
- Riachtanas 20% de na haonaid sna forbairtí cónaitheacha incháilithe úra bheith ina n-aonad sóisialta / inacmhainne le scála comhghluaisteach i mbun oibre idir 3% sóisialta / 17% inacmhainne agus 10% sóisialta / 10% inacmhainne, ag féachaint do chomhchruinnithe reatha na tithíochta sóisialta agus don éileamh aitheanta / féideartha ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne in ionaid uirbeacha éagsúla, agus;
- 1,100 aonad tithíochta sóisialta breise a sholáthar don Údarás Áitiúil agus 4,000 aonad tithíochta inacmhainne ar fud an Chontae.

### 5.2 RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa chaibidil seo na straitéisí agus na polasaithe a bhfuil rún ag an Údarás Pleanála coinneáil leo thar thréimhse an Phlean Forbartha féin, d'fhonn fíis agus aidhmeanna corparáideacha na Comhairle a bhaint amach i réimse an tsoláthair thithíochta agus lena dhualgais reachtúla a chomhlíonadh.

Ar an gcéad dul síos bunaíonn an Chaibidil comhthéacs na tithíochta sa Mhí, i dtéarmaí :

- Plean Tithíochta Corparáideach & Plean Gníomhaíochta um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne bunaithe de chuid na Comhairle, a socraíonn a gcuid gníomhaíochtaí tithíochta féin;
- Na straitéisí críosaithe agus lonnaíochta talamhúsáide níos leithne atáthar tar éis a leagadh amach sa Chaibidil roimh ré, agus;
- Ag comhcheangail na straitéisí thuas chun an chreatlach a bhunú le haghaidh Straitéis Tithíochta an Chontae.

Sa dara áit, ríomhann an Caibidil soláthar agus éileamh na tithíochta, lena n-áirítear soláthar na dtailte críosaithe seirbhísithe, atá cuimsithe i bPáipéir um Oibriú Cúlra a thacaíonn leis an bPlean seo. Léirítear an riachtanas foriomlán le haghaidh tithíocht sóisialta agus inacmhainne.

Sa tríú háit, leagtar amach straitéirí chun soláthar fóna na dtailte a chinntiú le haghaidh tithíocht agus tógáil riachtanach na tithíochta sóisialta agus inacmhainne.

Ar deireadh, sonraítear polasaithe a bhfeidhmeoidh an Chomhairle de bhun na Straitéise seo agus aidhmeanna tithíochta ábhartha eile.

Tá an Straitéis Tithíochta á thacú ag Páipéir um Oibriú Cúlra mionsonraithe arna ullmhú ag an Údarás Pleanála i gcomhar le Jonathan Blackwell & Associates / Roger Tym & Partners.

### 5.3 FÍS

Tá an tithíocht ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí a théann Údarás Áitiúla ina mbun. Is bunriachtanas daonna í an Dídean agus feidhmíonn Comhairle Contae na Mí ról tábhachtach um chomhlíonadh an riachtanais seo trí sholáthar díreach na tithíochta, trí chuidiú le daoine a gcuid riachtanas tithíochta féin a chomhlíonadh agus trí obair leis na Cumainn Tithíochta Deonaí agus Chomharchumainn.

De réir a riachtanais reachtúla, déanfaidh an Chomhairle gach iarracht freagairt ar riachtanais na ndaoine a bheidh a ag lorg iostais tríd a chlár tógáil tithíochta féin agus raon roghanna tithíochta sóisialta. Tá na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas ag Plean Corparáideach Údarás Áitiúla Contae na Mí i leith Tithíochta:

*"Cinntiú go mbaineann ár saothránaigh uilig taitneamh as caighdeán iostais imleoir tí atá oiriúnach dá riachtanais agus, chomh fada agus is féidir, i suíomh agus tionacht de chuid a rogha féin agus seirbhís tithíochta freagrúil agus tacaíochta a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu le cúnadh."*

#### Déanann straitéis tacaíochta iarracht

*"Cinntiú trí oibríocht pleananna fhorbartha agus clár seirbhísí fónais poiblí, go gcuirtear tithíocht le seirbhísí imleoir ar fáil i suíomh oiriúnacha tríd an Chontae."*

Sainmhínítear tithíocht sóisialta mar iostas ar cíos soláthraithe ag an t-údarás áitiúil, nó comhlacht tithíochta deonaí nó comharchumainn ach sainmhínítear tithíocht inacmhainne mar thithíocht úinéir lonnaitheach nó úinéireacht roinnte, curtha ar fáil ar phraghas níos ísle ná an margadhluach. Tá Polasaí Tithíochta Reatha leagtha amach i "Delivering Homes, Sustaining Communities: Statement on Housing Policy" RCORÁ Feabhra 2007 agus Treoirlínte Gaolmhara "Quality Housing for Sustainable Communities" RCORÁ 2007. An aidhm fhoriomlán atá ag polasaí tithíochta ná go mbeadh gachteaghlach ábaltateacht ar áitreabh inacmhainne atá deartha go maith, atá oiriúnach dá riachtain,

i dtimpeallacht mhaith, agus chomh fada agus is féidir ag tionacht a rogha. An straitéis ghinearálta chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ná go mbeadh na daoine ar féidir leo ábalta tithíocht a chur ar fáil dóibh féin, tríd an raon roghanna atá ar fáil dóibh, agus go mbeadh rochtain acu siúd nach bhfuil ábalta é sin a dhéanamh ar thithíocht sóisialta curtha ar fáil ag an tÚdarás Áitiúil.

#### 5.4 COMHTHÉACS

Tá an pátrún foriomlán fáis sa líon tithe a tógadh agus na daoine atá cónaitheach i gContae na Mí agus a húdaráis sa toghcheantar céanna leagtha amach i gCaibidil 2 'Straitéis Lonnaíochta'. Áiríodh réamh-mheastachán teaghlaigh agus daonra le haghaidh tréimhse an Plean Forbartha sa Straitéis Lonnaíochta. Déanfaidh an Straitéis Tithíochta agus na polasaithe atá cuimsitheach ansin iarracht an Straitéis Lonnaíochta a fhíorú, ag aimsiú cinntiú go bhfuil go leor tailte criosaithe agus seirbhísí ar fáil chun freastal ar an líon teaghlaigh réamh-mheastaithe ach go háirithe agus iarraidh éascú a dhéanamh ar mhéadú ar na hIonaid Fhorbartha, a áireoidh cothromaíocht sa chomhdhéanamh sóisialta.

D'fhéadfadh anailís ar éileamh agus soláthar do na hearnálacha difriúla sa mhargadh tithíochta, réamhaisnéis ar riachtanais agus easnaimh sa todhchaí, agus moltaí ar chonas éileamh a chomhardú le soláthar i mbealach inbhuanaithe a bheith san áireamh sa Straitéis Tithíochta Tá na nósanna imeachta le haghaidh ullmhú Straitéis Tithíochta leagtha amach san Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, arna leasú ina dhiaidh sin.

Foirmíonn an chaibidil seo le chéile le cáipéisí tacaíochta Straitéis Tithíochta Comhairle Contae na Mí ullmhaithe de réir Cuid V den tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000 agus Cuid II den tAcht (Leasú) um Pleanáil & Forbairt 2002. Tá an Straitéis seo don tréimhse 2007 - 2013, sin saolré an Plean Forbartha seo. Cuirtear é seo in ionad an Straitéis Tithíochta a uchtaíodh i 2001 agus a chlúdaigh an tréimhse 2001 - 2007. Uchtóidh gach Údarás Áitiúil laistigh de Chontae na Mí an Straitéis Tithíochta reachtúil faoi Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt, agus caithfidh sé a bheith mar chuid dá bPleananna Fhorbartha faoi seach. Tá Comhairle Contae na Mí ag déanamh athbhreithníú ar Phleananna Fhorbartha Ceanannais (2001) agus Baile Átha Troim (2002) faoi láthair agus ionchorprófar Straitéis Tithíochta an Chontae nua isteach in athbhreithnithe a bPlean Forbartha. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach Plean Forbartha an Uaimh (2003) a éagsúlú chun aire a thabhairt ar fhorálacha Straitéis Tithíochta an Chontae nua. Baineann na straitéisí agus na polasaithe atá leagtha amach sa Chaibidil seo le ceantair fheidhmiúcháin gach Údarás Pleanála laistigh de Chontae na Mí.

Sonraíonn an tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000 go ndéanfaidh an Straitéis Tithíochta;

- Cinntiú go bhfuil tithíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil leibhéil éagsúla ioncaim acu;
- Meastachán a dhéanamh ar riachtanas eisigh agus an riachtanas dóchúil a bheidh ann sa todhchaí le haghaidh tithíocht sa cheantar, agus cinntiú go gcuirtear go leor tailte chriosaithe le seirbhísí ar fáil chun freastal ar riachtanais mar sin;
- Soláthar mar pholasáí ghinearálta go mbeadh céatadán áirithe (nach sáraíonn 20%) den talún criosaithe sa Phlean Forbartha le haghaidh úsáid ghinearálta, nó le haghaidh meascán úsáid chónaitheach agus úsáidí eile, curtha in áirithe dóibh siúd a bhfuil gá acu le tithíocht sóisialta agus inacmhainne sa cheantar.
- Cinntiú go gcuirtear meascán de shaghsanna agus méid tithe ar fáil chun freastal ar riachtanais chatagóir éagsúla teaghlaigh, ina n-áirítear riachtanais speisialta daoine aosta agus daoine faoi mhíchumais, agus;
- Gníomhú in aghaidh leithscaradh míchuí idir daoine le cúlraí sóisialta difriúla.

## 5.5 ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS TITHÍOCHTA 2001 - 2007

Leag an Straitéis Tithíochta 2001 amach an candam tithíochta atá le cur ar fáil i gContae na Mí le haghaidh tréimhse sé bliana go 2007, ag tógáil aird ar réamh-mheastacháin daonra agus méid teaghlaigh suas go 2012 atá sna Treoirínte Pleanála Straitéiseacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Thug an Straitéis Tithíochta faoi deara go bhfuil "the demographic profile of the County is also reforming with its structure becoming older, household sizes dropping and the rate of household formation increasing. Net migration is also a factor nationally and the rate of unemployment change would appear to indicate that Meath is accepting its pro rata share."

Interalia chuimsigh an Straitéis á na torthaí & moltaí príomha seo a leanas:

- Léirigh na réamh-mheastacháin go bhféadfadh daonra Contae na Mí fás go 161,000 duine faoi 2006 agus go 180,000 duine faoi 2011;
- Dáileadh an líon breise teaghlaigh a raibh gá leo thar an tréimhse, go tréimhsí 2001 - 2006 agus 2006 - 2011, bunaithe ar bhonn tuisceana áirithe maidir le meán ráta áitíochta in aghaidh an teaghlaigh ag titim;
- Measadh go gcuirfí 21,504 teach breise ar fáil idir 2001 - 2006, meán-ráta de 3,584 teach in aghaidh na bliana;
- De réir réamh-mheastacháin bhí líon na dtithe le tógáil le méadú ó 3,620 aonad i 2001 go buaic de 4,444 aonad i 2005, ag titim arís go 2,225 aonad in aghaidh na bliana idir 2006 - 2011;
- Níl súil leis go mbeadh infhaighteacht talamh criosaithe le seirbhísí mar shrian;
- Idir 2001 - 2006, bhíodas ag súil go mbraitheadh líon meánach de 24% teaghlach deacrachtaí inacmhainneachta mar atá sainmhínithe in alt 93 (1) den tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000;
- D'éascódh an táirgeacht tithíochta réamh-mheastaithe ó Ghníomhaíochtaí an tÚdarás Áitiúil (2001 - 2006) soláthar 1,100 teach sóisialta (ina n-áirítear iad siúd curtha ar fáil ag Cumainn Tithíochta Deonai & Chomharchumainn), 180 teach sa bhreis ag teacht as corrfholúntais, 110 teach ó shuímh phríobháideacha agus 130 Aonad Tithíochta Inacmhainne ón Roinn, a dhéanann suas 1,520 aonad;
- Bhí 136 acra talamh tithíochta ar fáil le chun Clár Tithíochta Sóisialta na hÚdarás Áitiúla i gContae na Mí a chuir ar fáil. Don chuid is mó, mheitiseáil infhaighteacht tailte patrúin éilimh agus moladh san áit nárbh é sin an chás, go n-úsáidfí Cuid V den tAcht chun freastal ar an easnamh.
- Mar pholasaí ghinearálta, coimeádh Údarás Áitiúla na Mí 20%, an méid is mó ceadaithe, do thalamh criosaithe le haghaidh úsáidí cónaithe, nó meascán de chónaí agus úsáidí eile, le suas le 5% den tsaghas tithíochta sin curtha ar fáil mar thithíocht sóisialta agus an 15% iarmhair nó níos mó curtha ar fáil le haghaidh tithíocht inacmhainne. Déanfar athbhreithniú ar leorgacht nó an gá atá leis an bhforchoimeádas 5% le haghaidh tithíocht sóisialta i gcomhthéacs an éileamh atá ann le haghaidh suímh phríobháideacha agus mar rogha shóisialta, agus;
- Bheadh gach tithíocht sóisialta agus inacmhainne curtha ar fáil faoi Cuid V den tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 chun riachtanas tithíochta bunaithe faoi Alt 9 den Acht Tithíochta, 1988 a chomhlíonadh de réir na Straitéise.

## 5.6 DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Mheánaigh comhlánuithe tí sa Chontae 3,241 aonad in aghaidh na bliana ó uchtaíodh an Plean Forbartha Contae 2001 - 2007. Tá is seo i gcomparáid le meán réamh-mheastaithe de 3,914 aonad in aghaidh na bliana i Straitéis Tithíochta Contae na Mí 2001.

Tábla 18 : Tithíocht Sóisialta Comhlánaithe 2001 - 2005

Bliain	2001	2002	2003	2004	2005	lomlán
Tithíocht Údaráis Áitiúil						
Comhlánuithe	164	138	160	99	184	745
Sealbhuithe	6	4	5	1	1	17
Deonach & Comharchumann						
Comhlánuithe	8	90	8	11	0	117
lomlán						
Comhlánuithe	164	228	168	110	190	868
Sealbhuithe	7	4	5	1	1	10

Tá clár na tithíochta sóisialta atá glactha ag Údaráis Áitiúla Contae na Mí tar éis 745 aonad a thógáil agus seilbh a fháil ar 18 aonad breise idir 2001 - 2005. Soláthraíodh 109 aonad sa bhreis i rith an tréimhse chéanna ag an earráil Deonach & Chomharchumainn.

Tábla 19 : Gníomhaíocht Tógála Tithe Údaráis Áitiúla 2003 – 2005

Suíomh	Líon na dTithe Údaráis Áitiúla Tógtha / Fhaighte		
An Uaimh	Comhairle Contae na Mí	Comhairle Baile na hUaimhe	lomlán
	68	67	135
Ceanannas	Comhairle Contae na Mí	Comhairle Baile Ceanannais	
	10	22	32
Baile Átha Troim	Comhairle Contae na Mí	Comhairle Baile Bhaile Átha Troim	
	33	10	43
Baile Átha Buí	42		
Dún Búinne	28		
An Seanchaisleán	28		
Dún Seachlainn	25		
Baile Íomhair	24		
An Bóthar Buí	20		
Dún Uabhair	12		
Ráth Tó	11		
Cnoc an Línsigh	10		
An Inse	6		
Damhliag	4		
Cill Dhéagláin	1		
Gráigeanna	13		
Tuaithe	4		
lomlán	438		

Soláthraíonn Tábla 19 briseadh síos de Ghníomhaíocht Tógála Tithe Údaráis Áitiúla ó 2003 - 2005. Taispeánann sé seo go raibh an Uaimh freagrach as 31% de gach Teach Údaráis Áitiúil a tógadh le linn an tréimhse sin, le Baile Átha Troim agus Baile Átha Búí freagrach le haghaidh thart as 10% eatarthu agus Ceanannas freagrach as díreach os cionn 7%.

Bhí 75 áitreabh Údarás Áitiúla agus 35 áitreabh Deonái agus Comharchumainn ar bun ag deireadh 2005. Soláthraíodh 57 teach de bhun Coda V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 - 2004 suas go deireadh 2005 le 54 de na tithe seo ina n-aonaid acmhainne. Iontráladh isteach i gcomhaontuithe leis an Údarás Tithíochta le haghaidh 55 aonad níos mó, agus tá 49 acu ag staidéanna éagsúla tógála faoi láthair. Tá comhaontuithe i bhfeidhm chun 110 aonad a sholáthar le haghaidh 2006. Sholáthar na hÚdarás Áitiúla 65 aonad sa bhreis faoin Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne 1999 san Uaimh & i mBaile Átha Troim le 14 aonad sa bhreis réamh-mheastaithe le haghaidh comhlíonadh san Uaimh i 2006.

## 5.7 RIACHTANAS & SOLÁTHAR TITHÍOCHTA

Agus Straitéis Tithíochta á fhrámú, caithfidh an tÚdarás Pleanála leibhéal an riachtanais tithíochta atá ann ag tús tréimhse straitéise agus an leibhéal atá dóchúil i rith saolré na Straitéise a bhunú.

### 5.7.1 Riachtanas Carnach Tithíocht Sóisialta

Déantar freastal ar riachtanais iostais teaghlaigh nach bhfuil in áit ar féidir leo tithíocht a chuir ar fáil óna n-acmhainn féin trí sholáthar tithíocht údaráis áitiúil nó tithíocht arna soláthar ag comhlachtaí ceadaíthe. Éilíonn Alt 9 den tAcht Tithíochta 1988 go ndéanann údarás tithíochta measúnuithe tréimhsiúla ar an riachtanas tithíocht a sholáthar do dhaoine nach féidir leo a gcóiríocht féin a chur ar fáil. Comhlíontar na measúnuithe seo ar eatraimh trí bliana agus caithfidh gach ceann acu an riachtanas comhláin a léiriú, ag tógáil gach rogha thithíocht shóisialta san áireamh. I gcomhthéacs mionscrúdú riachtanais i ngach cás dáiltear an riachtanas comhláin tríd na roghanna tithíochta sóisialta éagsúla, ag fágáil riachtanas glan ar ghá le soláthar tithíocht sóisialta díreach a chomhlíonadh mar thoradh. Breathnaítear ar dhaoine a cháilíonn faoin Measúnú Riachtanais do thithíocht de réir an Scéim uchtaithe um Tosaíocht Ligthe.

Leagann Tábla 20 amach toradh an measúnú tithíochta reachtúil laistigh den Chontae a comhlíonadh ar an 31ú Márta 2005. An glan-riachtanas tithíocht sóisialta don Chontae i 2005 ba ea 743 duine, méadú ón leibhéal taifeadta i 2002 de 678 iarratasóir. D'fhéadfadh an riachtanas seo teacht as mí-oiriúnacht áitribh eisigh, plódú, comhroinnt neamhthoiliúlach, easpa dídine, agus riachtanais speisialta eile (ina n-áirítear riachtanais daoine aosta agus daoine faoi mhíchumais). Tagann an catagóir leis an riachtanas singil is mó ó neamhábaltacht íoc le haghaidh cóiríocht éagsúil - 55.6% den iomlán sa Chontae i gcoitinne, agus 57.5% i limistéar feidhme Chomhairle Contae na Mí. Is é seo an méadú is mó in aon chatagóir ó comhlíonadh an Measúnú Riachtanais Tithíochta deireadh i 2002 nuair a bhí sé níos lú ná 40%. Faoi láthair, tugtar cóiríocht do na hiarratasóirí seo san earnáil chiosa phríobháideach le tacaíocht ó Liúntais Leasa chun an cíos a fhóirdheonú. Baineann 28% de gach riachtanas le oiriúnacht áitribh agus ceistanna lonnaitheachta le 12% mínithe trí riachtanais speisialta, ráta a fheictear i limistéar feidhme Comhairle Contae na Mí chomh maith.

I dtéarmaí comhdhéanamh teaghlaigh, tá níos mó ná trian (34.3%) de gach iarratasóir incháilithe ina dteaghlaigh duine aonair ach tá an figiúr seo beagáinín níos lú le haghaidh limistéar feidhme Comhairle Contae na Mí ag 31.9%. Feictear é seo sna treochtaí náisiúnta le líon méadaithe daoine atá ag tógáil an rogha cónaí leo féin. Míníonn teaghlaigh, ina n-áirítear teaghlaigh aontuismitheora, le leanbh amháin, 36% den riachtanas. Tá 2 leanbh ag 15% de na teaghlaigh a meastar a bheith incháilithe agus 3 leanbh ag 6.9% de na teaghlaigh. Tá breis agus 4 leanbh ag níos lú ná 4%

dóibh siúd atá incháilithe, a chaitheadh áitribh níos mó a fháil. Cé nach dtaispeántar ar Thábla 20 é, míníonn teaghlaigh aontuismitheora le leanaí 47.3% de na hiarratasóirí incháilithe i limistéar feidhme Comhairle Contae na Mí. Baineann riachtanas tithíocht sóisialta tomhaiste go mór le neamhábaltacht íoc agus / nó teaghlaigh aontuismitheora nó teaghlaigh duine aonair anois.

Tábla 20 : Measúnú ar Riachtanas Tithíochta Reachtúil trí Chineál, Márta 2005

Catagóir an Iarratasóra	Údarás					
	Comhairle Contae na Mí	C.B. Cheanannais	C.B. na hUaimhe	C.B. Bhaile Átha Troim	Iomlán an Chontae	% Miondealú
<b>Forais Iarratais</b>						
Nach féidir costas na cóiríochta oiriúnach a aimsiú	355	26	25	7	413	55.6
Plódú	96	8	5	4	113	15.2
Cóiríocht Mhífheiliúnach / Mhí-oiriúnach	43	3	21	1	68	9.2
Comhroinnt Neamhthoiliúlach	25	0	0	0	25	3.4
Leighis / Atruach	60	10	6	1	77	10.4
Míchumasaithe	5	0	1	0	6	0.8
Lucht Siúil	15	1	3	1	20	2.7
Gan Dídean	12	0	2	0	14	1.9
Scothaosta	6	1	0	0	7	0.9
Iomlán	617	49	63	14	743	100
<b>Comhdhéanamh Teaghlaigh</b>						
Duine Amháin	197	22	27	9	255	34.3
Teaghlaigh le beirt iontu gan leanaí	27	1	2	0	30	4
Teaghlach le leanbh amháin	225	18	20	4	267	36
Teaghlach le 2 leanbh	97	6	9	0	112	15.1
Teaghlach le 3 leanbh	46	2	3	0	51	6.9
Teaghlach le 4 leanbh	19	0	1	1	21	2.8
Teaghlach le 5+ leanbh	6	0	1	0	7	0.9
Iomlán	617	49	63	14	743	100

### 5.7.2 Riachtanais Tithíochta Foriomlán sa Tréimhse 2007 - 2013

Tiocfaidh an riachtanas tithíochta thar an tréimhse 2007 - 2013 ó:

- Mhéadú i líon na dteaghlaigh ;
- Chríonadh ar an stoc eisigh (ina n-áirítear áitribh ináitrithe eisigh a athraíonn go athbhailte), agus;
- Fholúntais bhreise atá riachtanach chun éascú a dhéanamh ar ghluaiseacht daoine laistigh den stoc tithíochta.



Uatha seo, is é an chéad ceann an ceann is suntasaí sa Mhí, áit atá líon na dtithe ag méadú go gasta trí éileamh ar athbhailte, tithe saoire, agus infheistíocht réadmhaoine nach n-úsáidtear mar phríomh-thithe chónaithe. Leagtar amach na réamh-mheastacháin daonra i Rannóg 2.1.9. Cúiseoidh an méadú ionchais i líon na ndaoine sa Chontae athruithe i líon na dteaghlach mar a léirítear i dTábla 21.

Tábla 21 : Réamh-mheastachán Daonra & Teaghlaigh do Thréimhse an Phlean

Bliain féilire	Ag tús na bliana		I rith na bliana			
	Daonra	Teaghlaigh	Méid Meánach Teaghlaigh	Tithe Comhlíonta	Glan-líon na dTeaghlach Bhreise a Foirmíodh	Daonra Breise
2006	160,799	55,030	2.922	3,345	3,011	3,978
2007	164,777	58,041	2.839	3,630	3,231	6,231
2008	171,008	61,271	2.791	3,575	3,110	5,526
2009	176,534	64,381	2.742	3,665	3,152	5,401
2010	181,935	67,533	2.694	4,570	3,839	6,844
2011	188,779	71,372	2.645	4,705	3,905	6,716
2012	195,495	75,277	2.597	4,663	3,777	5,935
2013	201,430	79,054	2.548	4,700	3,760	5,605

Pléadh Tábla 21 thuas i gcomhthéacs an Straitéis Lonnaíochta cheana féin. Réamh-mheas an tÚdarás Pleanála go méadóidh daonra an Chontae ó 160,799 duine go 207,036 duine idir tús 2006 agus deireadh 2013, atá cothrom le tréimhse 8 bliana. Léireodh sé sin méadú de bhreis ar 46,237 duine thar an tréimhse 8 bliana nó méadú bliantúil de beagnach 5,780 duine. Mhéadóidh líon na dteaghlach de ghlan-líon de 27,874 teaghlach nó ar meán thart ar 3,500 in aghaidh na bliana. Is é 32,853 an líon iomlán tithe a tógadh thar tréimhse 8 bliana atá cothrom le beagnach 4,100 aonad in aghaidh na bliana. Réamh-mheasann an réamh-mheastachán seo go dtógtar ar meán 600 teach in aghaidh na bliana, nach mbaineann a dtógadh go díreach leis an méadú i líon na dteaghlaigh. D'fhéadfaí é seo a chur síos chuig méaduithe in athruithe chinn, áitribh neamhshealbhuithe, críonadh agus athbhailte. Ba é an ráta comhfhreagrach a taifeadadh don tréimhse 1996 - 2002 do Chontae na Mí ná 6% (chun comhlánuithe tí a cheangail le glan-athrú teaghlaigh). An éifeacht ghlan atá ann ná go mbeidh tionchar laghdaithe ar an daonra ó thithíocht chríochnaithe.

Réamh-mheas go dtitfidh an meán-ráta áitribh thar an tréimhse 8 bliana ó 2.92 ag tús 2006 go 2.5 ag deireadh 2013. Tá an titim seo níos airde ná an ráta a réamh-mheasadh sna RPSGanna. Tá líon iarbhair na dtithe le tógáil thar tréimhse an phlean an-íogair ar mhéid meánach na dteaghlach. Mar thoradh ar leathnú i ráta laghdaithe meán-mhéid teaghlaigh bheadh daonra de beagnach 215,600 ann i 2013 don líon céanna tithe comhlíonta. Mar sin, tá sé níos sábháilte réamh-mheastacháin a dhéanamh ar theaghlaigh in ionad daonra.

## 5.8 SOLÁTHAR TALÚN & TITHÍOCHTA

Is féidir méid na riachtanas tithíochta leagtha amach thíos, a chuir i gcomparáid le pátrún seachadadh tithe a tugadh faoi dearadh sna blianta deireanacha seo.

Tábla 22 : Iomlán na gComhlánuithe Tí 1998 - 2005

Bliain	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Comhlánuithe Tí	1,422	1,480	2,303	2,553	2,924	3,687	3,550	3,492

Tá comhlánuithe tí tar éis meanú ag 3,241 teach in aghaidh na bliana idir 2001 - 2005 ach tá sé tar éis méadú go 3,576 aonad in aghaidh na bliana le trí bliana anuas. Léiríonn sé seo dúbailt ar mheánlíon na gcomhlánuithe tí idir 1998 - 2000. Sholáthródh an leanúint ar fheidhmíocht seachadadh tithíochta reatha méadú i nglanlíon na dteaghlach go thart ar 3,500 aonad in aghaidh na bliana, atá dóthanach le haghaidh an cás méadaithe réamh-mheastaithe don Chontae.

Taispeánann mion-tábluithe ar infhaighteacht talún, nuair a dhéantar comparáid eatarthu agus méadú daonra réamh-mheastaithe i ngach lonnaíocht arna ndéantar soláthar dó i gCaibidil 2 Straitéis Lonnaíochta, go bhfuil níos mó ná an méid dóthanach criosaithe agus le seirbhísí (nó pleanáilte lena seirbhísí) don méadú réamh-mheastaithe teaghlaigh agus daonra san iomlán ach ní ina dháileadh ó riachtanas. Tá an pointe deireanach i bhfeidhm i roinnt mhaith ionaid uirbeacha i sraitheanna arda an Ordlathas Lonnaíochta, cosúil le i bPurláin Dhroichead Átha, Conair Dhún Búinne / Pace / Chluain Aodha, Cill Dhéagláin, An Bóthar Buí agus Baile Íomhair b'fhéidir, áit a bhfuil gá le tailte breise laistigh de na hionaid seo chun soláthar ar cheannslí imleoir. Chomh maith, déanfar athbhreithniú ar thailte criosaithe cónaitheacha eisigh i gcomhthéacs Plean Ceantair Áitiúil nó Plean Forbartha aonair do gach ionad agus ní stopfar criosú sa bhreis i suímh ar leith áit atá an tÚdarás Pleanála sásta go bhfuil riachtanas bunaithe go soiléir le haghaidh criosú den tsaghas sin. Ní féidir riachtanas bunaithe mar sin a dhlísteáil ach amháin sa chás go dtabharfadh forbairt ar thailte mar sin ar chúis cónaitheach píosa aitheanta de chreatlach shóisialta / fhisiceach i gcomhar le forbairt mar seo agus d'fhéadfaí go gcaithfear tosaíocht a thabhairt do thailte mar seo le haghaidh forbairt thar tailte chriosaithe cónaithe eisigh.

## 5.9 TREOCHTAÍ AN MHARGAIDH TITHÍOCHTA

Go náisiúnta, leanann an margadh tithíochta de bheith buacadh, le réamh-mheastacháin an ITES ag taispeáint comhlánuithe tí ag 75,000 go 2006 agus 72,000 ina dhiaidh sin go náisiúnta.

Tá fachtóirí áirithe a mbeidh tionchar acu ar Chontae na Mí. Go príomha ina measc tá an éileamh a thagann ó mhéadú an Chaipitil agus na hionad fáis gaolmhara laistigh den Chontae atá bainteach leis an bpátrún méaduithe seo. Leagadh amach an méadú sa daonra atá bainteach leis na forbairtí seo cheana féin i gCaibidil 2. Ina theannta sin, tá sé dóchúil go mbeadh méadú ar líon na hathbhailte, tithe saoire, agus infheistíochtaí réadmhaoine a comhlíonadh ach nach n-úsáidtear mar phríomh-thithe chónaithe ina bpríomh-tréithe ar an tréimhse atá romhainn amach. Réamh-mheasann an ITES go bhféadfadh sé seo beagnach ceathrú do gach teach comhlíonta a mhíniú. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear leibhéal na gcomhlánuithe tí i gContae na Mí a chuir os cionn leibhéal méadaithe réamh-mheastaithe le haghaidh teaghlaigh.

Sholáthar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an t-eolas faoi mheán-phraghsanna tithe i gContae na Mí. Ba cheart tabhairt faoi deara don bhliain 2006, go soláthraíodh meán-fhigiúirí praghais ar bhonn idirbhearta tithíochta a comhlíonadh laistigh den chéad 9 mí den bhliain sin.

Tábla 23 : Meán-Phraghsanna Tí i gContae na Mí (€)

Bliain	Contae na Mí (€)	% Athrú
1999	156,600	---
2000	181,340	+15.8%
2001	193,538	+6.7%
2002	217,860	+12.6%
2003	231,739	+6.4%
2004	255,060	+10.1%
2005*	292,873	+14.8%

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

I dtéarmaí athruithe praghsanna, le haghaidh cuspóirí Straitéis Tithíochta na Mí, rinneadh suirbhé ar ionchais athraithe na bpraghsanna tí a chomhlíonadh idir cheantálaithe i gContae na Mí, chun sonraíocht a fhorlíonadh ar athruithe praghsanna tithe réamh-mheasta náisiúnta. Tógtha le chéile, léiríonn an sonraíocht go bhfuil súil le measarthacht i méaduithe praghais, le rátaí méaduithe bliantúla sa Chontae ina iomláine ag titim go 4% faoi 2011, ón ráta reatha de 6.1%.

Úsáideann Páipéar Oibre Cúlra an Straitéis Tithíochta na tacair sonraí seo, le chéile le sonraíochtaí contae oiriúnaithe ar athruithe ioncain náisiúnta per capita réamh-mheastaithe, chun inacmhainneacht tithíochta le haghaidh cónaitheoirí na Mí i ngach bliain go dtí an bhliain 2013 a áireamh.

Déanann an rannóg seo a leanas achoimre ar thorthaí na háirimh seo agus leagann sé amach na himpleachtaí le haghaidh soláthar tithíocht sóisialta agus inacmhainne laistigh den Chontae.

### 5.9.1 Riachtanais Tithíocht Sóisialta & Inacmhainne

Déanann Tábla 24 achoimre ar an seasamh i leith an ráta bliantúil foirmíochta teaghlaigh agus an líon teaghlaigh ó na foirmíochtaí nua seo a chomhlíonfaidh an chritéir inacmhainne atá leagtha amach in Alt 93(1) den tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, bunaithe ar réamh-mheastacháin ar athruithe i bpraghsanna tí agus ioncain phearsanta.

Tábla 24 : Achoimre ar Riachtanais Tithíocht Sóisialta & Inacmhainne Réamh-mheasta

Beart	2007	2008	2009	2010	2011	2012
Foirmíochtaí teaghlaigh (1)	3,222	3,150	3,097	2,946	2,856	2,906
Líon na dteaghlaigh a chomhlíonann critéir inacmhainne S 93(1) (2)	945	932	917	845	777	753
(2) mar % de (1)	29.3%	29.6%	29.6%	28.7%	27.2%	25.9%

**Riachtanas le haghaidh tithíocht sóisialta agus inacmhainne i bhforbairtí príobháideacha.**

Chun an riachtanas iomlán do thithíocht sóisialta agus inacmhainne a áireamh, caithfear na sonraí a léirítear i dTábla 24 a cheartú agus a fhorlíonadh i mbealaí atá leagtha amach thíos.

Sa chéad dul síos, díorthaítear an sprioc uimhriúil glan le haghaidh soláthar tithíocht sóisialta agus inacmhainne ag forbróirí príobháideacha, mar seo a leanas:

**SUIMIGH**

Líon na dteaghlaigh nua arna bhfuil tithíocht sóisialta nó inacmhainne riachtanach (Tábla 24)  
Riachtanas carnach tithíocht, seachas é sin atá ar mheasúnú riachtanais na cumainn tithíochta, arna bhfreastalóidh an earnáil phríobháideach.

**DÉADUCHTAIGH**

Tithíocht inacmhainne atá saor mar gheall ar réiteach liostaí feithimh  
Farasbarr (má tá sé ann) d'aon chlár um foráil tithíocht sóisialta nó inacmhainne díreach (nó birt ina ionad, cosúil le athchóiriú) ag cumainn tithíochta, thar riachtanas carnach a thomhastar trí mheasúnú riachtain, atá ar fáil chun freastal ar riachtanas tithíocht sóisialta ionchasach  
Soláthar suímh fhóirdheonaithe ag an Údarás Tithíochta chun tithíocht inacmhainne shingil a éascú

Ina dhiaidh sin, chun an céatadán dáilte ar gach suíomh ón earnáil phríobháideach a shocrú, ROINNTEAR an líon glan díorthaithe thuas ar:

**SUIMIGH**

Líon iomlán na dteaghlaigh nua a fhoirmeofar thar an tréimhse (ina n-áirítear iad siúd a bhfuil gá acu le tithíocht sóisialta agus inacmhainne)  
Comhlánuithe réamh-mheasta dar leis an cumann tithíochta - iomlán

**DÉADUCHTAIGH**

Gach teach a thógtar ar thailte nach bhfuil criosaithe nó ar shuímh a thiteann faoin dtairseach leagtha amach ag an tAcht (le sprioc leagtha síos de 16 faoin gcéad de gach teach comhlíonta)

Is féidir an chothromóid seo a bhunú ar bhonn bliain go bliain, ach le haghaidh cuspóirí na straitéise seo, díorthaíodh meán do thréimhse iomlán an phlean agus caithfear é a chuir i bhfeidhm i ngach bliain den phlean.

Tá na ríomhanna leagtha amach sa Pháipéar Oibre Cúlra a ullmhaíodh le tacaíocht a thabhairt den Straitéis seo.

Úsáideadh dhá rogha chun an céatadán ábhartha le cuir i bhfeidhm a áireamh. Tá na meán-riachtanais thar saol na straitéise faoi gach rogha leagtha amach thíos. An dara rogha ná an céatadán ar gá a fháil ó forbairtí príobháideacha ar thalún criosaithe chun riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne fhoriomlána an Chontae i rith tréimhse an Phlean a chlúdach.

**Tábla 25 :** Riachtanach Céatadán le haghaidh Tithíocht Inacmhainne Sóisialta

Rogha Úsáidte	Céatadán
Rogha 1	23.4
Rogha 2	27.8

Léiríonn líon na ndaoine a chomhlíonann an critéar inacmhainne le haghaidh tithíocht taispeánta ar Thábla 25 go mbraithfidh idir 23.4% - 27.8% de dhaoine ar meán deacrachtaí inacmhainneachta agus iad ag iarraidh a dteach féin a shealbhú i rith saol an Plean Forbartha. Agus meas acu ar na leibhéil ghinearálta arna margaítear tithe nua i gcodanna áirithe den Chontae, i dToghcheantar Cheanannais ach go háirithe, tá an chuma ar go bhfuil an margadh oscailte ag freastal ar leibhéil uachtaracha an margadh inacmhainne. Dá ainneoin sin, tá riachtanas ann gur cheart riachtanas uasta de 20% d'aonad tithíochta a sholáthar chun freastal ar riachtanais sóisialta agus inacmhainne.

## 5.10 AN STRAITÉIS TITHÍOCHTA

Cuimsíonn an straitéis tithíochta atá le bheith in úsáid ag an Chomhairle thar tréimhse an Phlean seo, trí eilimint:

- Cinntiú go bhfuil go leor tailte chríosaithe agus seirbhísithe ar fáil in ionaid fhorbartha ainmnithe agus i lonnaíochtaí eile laistigh den Chontae chun freastal ar na riachtanais tithíochta réamh-mheasta le haghaidh lonnaíochtaí mar sin i rith saol an Plean Forbartha;
- Tuilleadh foráil a dhéanamh i leith tithíocht sóisialta agus inacmhainne trí Cuid V den tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000, arna leasú, agus;
- Foráil dhíreach a dhéanamh le haghaidh réiteach ar thithíocht sóisialta agus inacmhainne tríd a chlár tógáil tí féin, cúnamh do ghníomhaireachtaí agus daoine aonair eile, sealbhuithe áitribh agus cláir speisialta eile.

### 5.10.1 Soláthar Talún Críosaithe & Seirbhísithe in Ionaid Fhorbartha

Tá an Straitéis Lonnaíochta fhoriomlán don Chontae leagtha amach i gCaibidil 2 den Phlean.

Chun achoimriú, déanann an Straitéis Lonnaíochta foráil le haghaidh:

- Cuirfidh an Chomhairle Straitéis Lonnaíochta na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm trí aird a thabhairt ar fhorbairt chónaitheach sna Phríomh-Chlachain Dinimiciúla ainmnithe cosúil leis An Uaimh, Ceanannas & Baile Átha Troim, Conair Dhún Búinne / Pace / Chluain Aodha, Dún Seachlainn, Cill Dhéagláin agus go Baile Fáis Mhóir Droichead Átha.
- Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh na Bailte Fáis Mhóir agus na Bailte Fáis Mheasarta ábalta a dhóthain féin a tháirgeadh sa mhéid atá praiticiúil, ag cuimsiú gníomhachtaí fostaíochta, a dhóthain seirbhísí miondíola agus áiseanna sóisialta agus pobail. Ceadófar forbairt chónaitheach sa chás go bhfuil go leor dul chun cinn á dhéanamh in áiseanna fostaíochta, miondíola, sóisialta agus pobail a sholáthar laistigh den lonnaíocht, agus;
- I mBailte Fáis Bhig, Príomh-Shráidbhailte agus Sráidbhailte, cuirfear idir 25 - 30% de gach fhorbairt il-tithíochta nua, sin forbairtí le níos mó ná ceithre theach, in áirithe do dhaoine atá ón tír ó dhúchas nó dóibh siúd ar gá dóibh cónaí in ionad uirbeach de bhua a gcuid fostaíochta. Déanfar an chuid eile de na tithe ina leithéid d'fhorbairtí iltithíochta a sholáthar le haghaidh fás áitiúil amháin. Léiríonn na RFGanna gur cheart do phleananna forbartha Bailte Fáis Bhig a ainmniú mar a mheasann siad cuí ag tabhairt aire don fheidhm straitéiseach atá acu agus réamh-mheastacháin daonra. Tugann fás na mBailte Fáis Mheasarta nó Fáis Mhóir gar dóibh tacaíocht d'fhorbairt gach Baile Fáis Bhig, i dtéarmaí úsáidí fostaíochta ar scála mór.

I gCaibidil 4 den Plean seo, tiomnaíonn an tÚdarás Pleanála an sprioc fhoriomlán de spreagadh agus éascú a dhéanamh ar sholáthar an chreatlach atá riachtanach chun an éileamh le haghaidh forbairt agus méaduithe sa daonra sa toadhcháil i mbealach atá inbhuanaithe ó thaobh an comhshaoil de. Go háirithe, tá sé mar aidhm ag an Plean soláthar uisce éifeachtúil agus ar chaighdeán ard a sheachadadh agus a spreagadh, agus áiseanna bainistiú dramhaíola agus draenála a sholáthar i rith saol an Plean Forbartha chun freastal ar fhás eacnamaíoch agus cónaitheach inbhuanaithe an Chontae sa toadhcháil.

Déanann an Straitéis Bhonneagair foráil do:

- i) Rinne an Chomhairle an soláthar uisce agus tionscadail bonneagracha um bhailiúcháin agus cóireáil fuíolluisce a chur chun cinn trí athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce, d'fhonn freastal ar na leibhéil fáis bheairithe atá tuartha don chontae agus d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na tionscadail riachtanacha san áireamh i gCláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce amach anseo, agus;
- ii) Feabhsóidh agus sínífidh an Chomhairle an soláthar uisce agus an bonneagar cóireála agus bailiúcháin fuíolluisce chun freastal ar na leibhéil fáis bheartaigh, i rith saolré an phlean seo d'fhonn forbairt a éascú.

In áireamh réamh-mheastacháin tithíochta, thug an tÚdarás Pleanála aire ar infhaighteacht seirbhísí uisce píopáil i ngach ceann de na hionaid uirbeacha ainmnithe agus áit a bhfuil easnaimh eisigh ann, an spriocdháta dóchúil ina sárófar easnaimh mar sin, ina n-áirítear úsáid réitigh idirthréimhseacha mar is cú. Taispeánann mion-tábluithe ar infhaighteacht talún, nuair a dhéantar comparáid eatarthu agus méadú daonra réamh-mheastaithe i ngach lonnaitheacht arna ndéantar soláthar dó i gCaibidil 2 Straitéis Lonnaitheachta, go bhfuil níos mó ná an méid dóthanach criosaithe agus le seirbhísí (nó pleanáilte lena seirbhísí) don méadú réamh-mheastaithe teaghlaigh agus daonra san iomlán le Purláin Dhroichead Átha, Conair Dhún Búinne / Pace / Chluain Aodha, Cill Dhéagláin, An Bóthar Búil agus Baile Íomhair b'fhéidir mar eisceachtaí, áit a bhfuil gá le tailte breise laistigh de na hionaid seo chun soláthar ar cheannslí imleoir. Déanfaidh ullmhú ar Phleananna Ceantair Áitiúil chun dul in áit na Mion-Chuspóirí Áitiúla & na Mion-Phleananna Uirbeacha eiseacha réiteach ar an seasamh sna hionaid uirbeacha seo.

#### 5.10.2 Soláthar Díreach na Tithíochta Sóisialta Lena nÁirítear Riachtanais Speisialta

Aithnítear go leanfaidh riachtanas na tithíochta sóisialta agus inbhuanaithe ar aghaidh in ainneoin táirgeacht fhoriomlán na tithíochta. Leanfaidh Údarás Áitiúla na Mí ar aghaidh ag iarraidh freastal ar riachtanais na dteaghlach trí réimse roghanna tithíochta sóisialta, lena n-áirítear a gclár tógála tithíochta díreach féin agus cúnamh do ghníomhaireachtaí eile.

Clúdaíonn Plean Gníomhaíochta um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne de chuid Údarás Áitiúla na Mí an tréimhse 2004 - 2008. Le leibhéal na méaduithe daonra réamh-mheasta le haghaidh tréimhse an phlean agus líon na ndaoine gan acmhainn acu chun díol as an méadú ina dteaghlach féin, méadóidh an t-éileamh ar an réimse iomlán de roghanna tithíochta sóisialta. An phríomh-chuspóir le haghaidh caiteachas caipitiúil sa phlean seo ná chun tithíocht a sholáthar d'iarthóirí bailí uile laistigh de thréimhse ama réasúnta chomh fada agus is féidir in áitreabh agus ag suíomh dá rogha siúd. Leanfaidh sé seo ar aghaidh ag freastal ar an líon daoine atá ag tabhairt faoi na liostaí feithimh agus laghdófar na huimhreacha foriomlána. Chomh maith le sin méadóidh sé seo na hacmhainní airgeadais atá de dhíth go suntasach. Tá an cumas ag Comhairle Contae na Mí na cuspóirí atá leagtha amach a sheachadadh, rud atáthar tar éis a thaispeáint le linn an chláir il-bhliantúil deireanach de sholáthar díreach.

Admhaíonn an Plean Gníomhaíochta go bhfuil sé deacair réamh-mheastachán cruinn a thabhairt ar thógáil féideartha den Scéim Inacmhainne Cuid V de réir nádúr a seachadta tríd an earnáil phríobháideach, is beag srian gur féidir leis an gComhairle a fheidhmiú chun a seachadadh a bhaint amach. An dúshlán ná chun seachadadh an chláir seo a chinntiú agus baint amach uasmhéid na tithíochta sóisialta agus inacmhainne, uaidh sin ag soláthar rochtain níos gasta agus níos inacmhainne ar thithíocht do dhaoine le maoin teoranta acu. Tá a Chomhairle tiomanta d'úsáid an réimse iomlán de roghanna tithíochta sóisialta a chur chun cinn agus a éascú, mar atá leagtha amach sna rannóga seo a leanas.

### 5.10.3 Soláthar Tithíochta Sóisialta Nua ag Údarás Áitiúla na Mí

Le neamhláithreacht chláir tithíochta ilbhliantúil agus de bharr spleáchas an Údarás Áitiúil ar mhaoiniú Rialtais lárnach le haghaidh soláthar na tithíochta díreach, ní féideartha an rud é clár na tithíochta sóisialta laistigh den Mhí amach anseo a leagadh síos le muinín. Léirigh Plean Gníomhaíochta um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne de chuid Údarás Áitiúla na Mí (2004 - 2008) go sholáthrófaí 787 tús díreach an Údarás Áitiúil thar tréimhse 5 bliana an phlean, líon meánach de thart ar 160 aonad sa bhliain le 235 aonad breise á sholáthar ag an Earnáil Deonach & Chomharchumainn, lena n-áirítear 41 á soláthar trí Chuid V. Ó Meitheamh 2006 i leith, bhí 75 aitreabh Údarás Áitiúil ag dul chun cinn agus 35 á soláthar ag an earnáil deonach & chomharchumainn. Bhí tosuithe na bliana 2006 tuartha ag 240 aonad. Ar mhaithe le cuspóirí na Straitéise Tithíochta, tá an Roinn Tithíochta tar éis rata comhlíonta meánach de 150 áitreabh a thuar ó Chlár Ilbhliantúil an Údarás Áitiúil ar bhonn bliantúil thar tréimhse an Phlean le 17 aonad breise sa bhliain á sholáthar ag Cumainn Tithíochta Deonáil & Chomharchumainn. Tá an Roinn Tithíochta sásta go léiríonn an leibhéal seo soláthair an t-éileamh, a bhaineann leis an Measúnú Riachtanais Tithíochta reachtúil, agus déanfar na figiúirí sa Phlean Forbartha a leasú tar éis a glactar le Pleananna Gníomhaíochta um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne de chuid Údarás Áitiúla na Mí atá le teacht.

Cuimsíonn an banc talmhaíochta do thithíocht sóisialta thart ar 19.5 heicteár lena n-áirítear 4 heicteár atá lonnaithe i ngráigeanna. I láthair na huairé níl an banc talmhaíochta seo seirbhísithe go hiomlán agus nuair atá pleananna á gcur chun cinn, sens nach mbeidh a leithéid de thailte ar fáil go dtí an chuid deireanach de thréimhse an phlean. Tá an banc talmhaíochta eiseach sna hionaid uirbeacha níos mó sa Chontae tar éis a bheith laghdaithe le linn seal an chláir tógála tithíochta a aibhsítear i dTábla 19. Bunaithe ar líon dóchúil na dtosuithe sa tréimhse 2006 - 2008, beidh tailte breise de dhíth chun freastal ar fhorbairt tithíochta sóisialta. Tá sé ag éirí níos deacra talamh a shealbhu, go háirithe san Uaimh agus in ionaid thoir-theas na Mí, de bharr an costas bíseach. Tá an t-éileamh is mó do thithíocht sóisialta san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i gCeanannas, i gCill Dhéagláin, i mBaile Átha Buí, i mBaile an Bhiataigh, i nDún Búinne, san Inse, sa Seanchaisleán agus i nDún Seachlainn. Tá roinnt talún ar fáil ag an Údarás Áitiúil san Uaimh agus i gCeanannas cé nach leor in aon chor é chun freastal ar an éileamh. Dá bharr sin ní mór don Údarás Pleanála sonrú cé acu de na roghanna atá ar fáil faoin Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2002 atá is fearr chun freastal ar riachtanais Údarás Áitiúla na Mí sna ceantair ina bhfuil an t-éileamh is mó mar atá le feiceáil i measúnú na riachtanas tithíochta. Ní foláir dó seo a chinntiú go gcaomhnaítear tithe, suímh nó talamh ag láthair an éilimh agus go gcuirtear polasaithe oiriúnacha i gcríche chun é seo a sheachadadh.

### 5.10.4 Clár Sealbhaithe Tithíochta

Gach bliain mar chuid dá Chlár Tithíochta, agus nuair atá sé eacnamúil amhail a dhéanamh, sealbhaíonn an tÚdarás Áitiúil aithribh ag láithreacha éagsúla ar fud an Chontae. Arís, de bharr costas méadaitheach na dtithe dára láimhe, go háirithe sna ceantair leis an riachtanas is airde, tá níos tarraingteacht ag baint leis an rogha seo, ach braithfear air nuair nach mbíonn roghanna eile ar fáil. Tá sé measta go ndéanfar sealbhuithe a sháru ag 6 in aghaidh na bliana thar tréimhse na Straitéise Tithíochta.

#### 5.10.5 Clár an Suíomh Príobháideach

Chun freastal ar an éileamh méadaitheach agus chun an clár tógála tithíochta traidisiúnta a fhorlíonadh, tá Údarás Áitiúla na Mí tar éis leanúint ar aghaidh ag feidhmiú scéim le haghaidh soláthar na suíomh fóirdheonaithe. Meastar go dtitfidh meánlíon bliantúil na n-áitreabh atá tacaíthe ag an scéim seo ag 15 thar saolré an Phlean seo.

#### 5.10.6 Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne

Leanfaidh an Chomhairle seo ar aghaidh ag soláthar meascán de thithíocht sóisialta agus inacmhainne chun úsáid is fearr na dtailte infhaighte a chinntiú agus ag an am céanna comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus a spreagadh. Uirlis amháin dá leithéid chun an aidhm seo a bhaint amach ná Scéim Thithíochta Inacmhainne de chuid na Comhairle. Laistigh de réimse na Comhairle Contae faoin scéim seo, soláthraíonn an Chomhairle tithe nua ar chostphraghas agus rátaí úis ísle, ar thailte atá faoi úinéireacht acu do dhaoine a cháilíonn faoi théarmaí na scéime. Tá na hÚdarás Áitiúla tar éis 65 aonad a sholáthar faoi Thionscnamh Tithíochta Inacmhainne 1999 san Uaimh & i mBaile Átha Troim go príomh le 14 aonad breise tuartha le bheith comhlíonta san Uaimh i 2006. Meastar go sholáthrófaí meánlíon de 15 áitreabh faoi na scéimenna seo idir 2006 - 2013 (gach Údarás comhcheangailte).

#### 5.10.7 Roghanna Tithíochta Sóisialta Eile

Tá roinnt scéimeanna eile ar fáil d'iarthóirí incháilithe, lena n-áirítear;

- Scéim Úinéireachta Roinnte;
- Iasachtaí Tithíochta Traidisiúnta;
- Scéim Liúntais Mhorgáiste;
- Síntí ar Thithe Údarás Áitiúil;
- Deontais Deisiúchán Riachtanach;
- Oibreacha Feabhsúcháin i leith Tithíochta Údarás Áitiúil, agus;
- Scéim Cheannaigh an Tionóntaí.

Sa bhreis ar sin déantar ranníocaíocht chuig stoc na tithíochta sóisialta infhaighte trí thuarisceán ar stoc, san áit ina bhfuil folúntas tar éis teacht chun cinn toisc go bhfuiliar-áititheoir an tí ag cónaí in áitreabh anois a fuarthas ar an margadh cíosa nó ceannaigh oscailte. Tá ranníocaíocht bhliantúil de 50 aonad measta le haghaidh na hÚdarás uile comhcheangailte thar saolré an phlean, ag clúdach glan-thuarisceáin ar stoc mar atá sainmhínithe thuas mar aon le tionchar buiséadach de cheannach tionóntaí.

#### 5.10.8 Ról na hEarnála Tithíochta Deonaí & Chomharchumainn

Tá roinnt eagraíochtaí atá gníomhach i láthair na huairé san Earnáil Tithíochta Deonaí sa Mhí, le Respond, Cluid, North & East, agus B.H.I. mar na príomhghrúpaí. Tá 11 aonad tithíochta sóisialta beartaithe ag an Earnáil Tithíochta Deonaí & Chomharchumainn sa Mhí, atá á sheachadadh trí Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 -2006. Sa chéad naoi mhí de 2005, cuireadh tús le 35 aonad trí Scéim Fhordheontais & Iasachta Caipitiúil de chuid na hEarnála Deonaí & Chomharchumainn.

Déanfaidh an Chomhairle ról na hearnála tithíochta deonaí (cumainn tithíochta deonaí, cumainn chomharchumainn agus cumainn phobail) a chur chun cinn go gníomhach agus táthar ag ceapadh go mbeidh sí le feiceáil go láidir thar tréimhse an Phlean Forbartha. Táthar tar éis an Straitéis Tithíochta seo a bhunú ar an ionchas a thugann le fios trí fhorfheidhmiú Cuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000 arna leasú, gur féidir le hÚdarás Áitiúla obair níos dlúithe leis an earnáil tithíochta deonaí chun a gcuid ranníocaíochta chuig cumas tógála a leathnú go suntasach ar fud an chontae.



Go sainiúil, tugtar cúnamh do chomhlachtaí tithíochta deonaí faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil le maoiniú caipitiúil neamh-aisíocaíochta agus Scéim Fhordheontais Cíosa chun cóiríocht a sholáthar d'fhonn freastal ar na riachtanais tithíochta speisialta ar nós daoine scothaosta, daoine le míchumais, teaghlaigh agus daoine gan dídean. Aithníonn Údarás Áitiúla na Mí ról féideartha na hearnála deonaí i soláthar na tithíochta le haghaidh na catagóirí um riachtanais speisialta. Leanfaidh Comhairle Contae na Mí ar aghaidh le ról tábhachtach cumasaithe agus riaracháin aici i bhfeidhmiú na Scéime um Maoiniú Caipitiúil chun cuidiú le Comhlachtaí Tithíochta Deonaí & Comharchumainn.

Tá sé measta go dtitfidh meánlíon na gcomhlánuithe ag 17 aonad in aghaidh na bliana thar ré an Phean. Áirítear an figiúr seo mar chuid de sprioc 20% Cuid V.

#### 5.10.9 Cóiríocht na Riachtanas Speisialta

Áiríonn sé seo riachtanais na ndaoine scothaosta, na ndaoine le míchumas fisiciúil agus na ndaoine le míchumais foghlama acu. Ní féidir le formhór na n-iarratasóirí scothaosta teaghlach dá gcuid féin a sholáthar ar bhonn airgid agus chuige seo, tá cóiríocht á sholáthar ag gach scéim atá á fheidhmiú ag an Údarás Áitiúil a oireann do riachtanais na gcónaitheoirí scothaosta. Leanfar ar aghaidh ag soláthar áitribh chuspóir-thógtha do na daoine seo faoi réir riachtanas, mar chuid den Chlár Tithíochta Údarás Áitiúil nó tríd an earnáil deonach agus chomharchumainn. Táthar chun dul sa tóir ar an gcuspóir seo chomh maith maidir le forbairtí tithíochta aonair. Sa tréimhse 2000 - 2003 sholáthar an Earnáil Deonach líon iomlán de 53 aonad tithíochta um riachtanais speisialta.

#### 5.10.10 Daoine Gan Dídean

D'aithin an Measúnú Riachtanais Tithíochta 2005 14 duine gan dídean le tithíocht de dhíth orthu i gContae na Mí. Tá na figiúirí seo bunaithe ar na daoine gan dídean atá tar éis iad féin a chur faoi bhráid na Comhairle. Tá an fíor-fhigiúr níos airde, ach anaithnid. Áiríonn na daoine gan dídean ceilte iad siúd ag codladh lasmuigh nó le cóiríocht acu i mbrúnna nó in ospidéal. In iomlán cuireann thart ar 350 duine in aghaidh na bliana iad féin faoi bhráid na nÚdarás Áitiúla mar dhaoine atá gan dídean. Déantar na daoine seo a bhogadh isteach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, a tharchur go tithe dídine, a bhogadh go tithíocht na Comhairle nó a chur ar ais chuig a gContae dúchais, Baile Átha Cliath go príomha.

Baineann réimse leathan le riachtanais na ndaoine gan dídean. Áiríonn na seirbhísí atá de dhíth cóiríocht tosaigh, ach chomh maith le sin tá seirbhísí lonnaíochta agus for-rochtana, sláinte, oideachas agus oiliúint, agus seirbhísí leasa shóisialaigh. Táthar tar éis glacadh le Straitéis Gan Dídean na Mí. I láthair na huairé níl aon bhrú do dhaoine gan dídean sa Mhí agus le haird ar leibhéil an spleáchais leanúnach ó roinnt de na daoine á gcur féin faoi bhráid, atá deacair le lonnú i gcóiríocht chaighdeánach de bharr a gcuid fadhbanna alcóil, drugaí agus meabhairshláinte, táthar tar éis a mheas go bhfuil sé riachtanach cóiríocht i mbrú a sholáthar. Tá sé beartaithe ag an Údarás Áitiúil cóiríocht i mbrú a sholáthar le haghaidh 15 duine mar aon le 15 aonad de chóiríocht tacaithe fadtéarmach le linn tréimhse an Phean Gníomhaíochta um Thithíochta Sóisialta & Inacmhainne 2004 - 2008. Is comhfhiontar é an tionscadal seo le Cumann Tithíochta Deonaí.

Feidhmíonn Meath Women's Refuge scéim bheag 4 aonad de thithíocht traidisiúnta le haghaidh mná le stair acu d'fhoréigin teaghlaigh. Íocann na mná a shealbhaíonn na haonaid, cíos ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain, agus ansin bogann siad ar aghaidh chuig tithíocht Sóisialta na Comhairle nó isteach san earnáil príobháideach. Soláthraíonn Tabor House Trust 11 aonad de thithíocht traidisiúnta a bhfeidhmíonn mar Theach Leath Shlí chun cóiríocht a thabhairt d'alcólacha / andúileacha

athshlánaithe ó chláir chóireála chónathaí. Tá siad tar éis teach san Uaimh a aistriú le déanaí go áis cúraim forleathnaithe le haghaidh fir atá in athshlánú luath ó andúil. Fanann na sealbhóirí ar feadh uathréimhse de 9 mí agus íocann siad ranníocaíocht i dtreo a gcoinneáil. Soláthraíodh an dá scéim seo faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil agus is léir nach bhfuil an t-éileamh ann le haghaidh aon soláthar eile dá leithéid.

#### 5.10.11 Cóiríocht an Lucht Siúil

Is éard atá i gceist le "Pobal an Lucht Siúil" ná an pobal daoine a aithnítear (sé sin atá aitheanta acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine le stair, cultúr agus traidisiúin roinnte, lena n-áirítear, go stairiúil, slí beatha fánaíochta. Faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 tá sé de dhíth ar Údarás Áitiúla, i gcomhar leis an Lucht Siúil agus leis an bpobal i gcoitinne, Clár Cóiríochta an Lucht Siúil a ullmhú agus a ghlacadh trí rún ó Bhaill Tofa na Comhairle, chun freastal ar riachtanais eiseacha agus réamh-mheasta an Lucht Siúil ina gceantar siúd.

Ghlac Comhairle Contae na Mí Clár Cóiríochta an Lucht Siúil 2005 - 2008 i Feabhra 2005. Téann an clár i ngleic le riachtanais chóiríochta na dteaghlach eiseacha ar thaobh an bhóthair agus riachtanais ionchasacha thar tréimhse cúig bliana. Tá sé i gceist ag Comhairle Contae na Mí clár cóiríochta cuimsitheach a fheidhmiú don lucht siúil lena mbainfidh réimse de bhearta comhtháite chun freastal ar a gcuid riachtanas cóiríochta. Mar chuid den phlean d'áirigh an Chomhairle deiseanna fostaíochta do bhaill óga de chuid an Lucht Siúil chun scaoileadh leis an dtimthriall de dhífhostaíocht fhadtéarmach agus chun a gcuid seansanna saoil a fheabhsú. Aithníodh 20 Teaghlach de chuid an Lucht Siúil le cóiríocht de dhíth orthu i Measúnú 2005.

Áiríonn an clár cóiríochta soláthar díreach de thithíocht Údarás Áitiúil caighdeánach, cóiríocht atá sainiúil don Lucht Siúil, ar nós Tithíocht Ghrúpa, athchóiriú na bPáirceanna Carbhán buana mar atá riachtanach, iasachtaí d'athchur na dtithe soghluaiste, agus leataobhanna campála thar oíche. Dáiltear riachtanais tithíochta gach bliain ar ráta ar leith ionas ionas nach dtagann an riachtanas le haghaidh páirc Carbhán bua eile chun cinn sa tréimhse 2005 - 2008. Dáilfear 40 teach, 10 n-athchur / gcorfhóilúntas agus 5 cheannachán tí ar theaghlaigh an Lucht Siúil idir 2005 - 2008. Beidh sé de dhíth ar Ghníomhaireachtaí Tithíochta Deonaí freastal ar teaghlaigh an Lucht Siúil de réir na riachtanais atá aitheanta ag Comhairle Contae na Mí. Soláthróidh spásanna sna páirceanna carbhán buana eiseacha san Uaimh agus i mBaile Átha Troim cóiríocht do theaghlaigh atá ag maireachtáil i gcarbháin. Úsáidfear na Roghanna Tithíochta Sóisialta chun cuidiú leis an Lucht Siúil cóiríocht a sholáthar dóibh féin nuair atá an cumas acu amhail a dhéanamh.

Glacfar le teaghlaigh an Lucht Siúil a maireann go buan i gCo. na Mí ar feadh ar a laghad sé mhí mar bhaill dúchasacha. Glacfar le baill an Lucht Siúil a d'fhás aníos i gCo. na Mí agus a bhfilléann ar an gcontae mar bhaill dúchasacha más rud é nach bhfuil siad san áireamh i gClár Cóiríochta an Lucht Siúil de chuid Údarás Áitiúil eile.

#### 5.10.12 Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne

Sa bhreis ar sholáthar díreach na tithíochta sóisialta agus inacmhainne, agus cúnamh do ghníomhaireachtaí tithíochta sóisialta le haghaidh a leithéid de sholáthar díreach, tá sé beartaithe ag an gComhairle dul sa tóir ar sholáthairtí Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forabairt, 2000 arna leasú, ar mhaithe leis an soláthar dá leithéid seo de thithíocht le hais forbairtí na hearnála príobháideach ar fud an Chontae a éascú. Tá an polasaí le haghaidh forfheidhmiú soláthairtí Cuid V leagtha amach i Rannóg 5.10.14 thíos.

**5.10.13 Polasaí Tithíochta**

Agus iad sa tóir ar a Straitéis Tithíochta, i mbaint amach a cláir féin agus breathnú á dhéanamh acu ar chlár agus iarratais phleanála na ngníomhaireachtaí, na bhforbróirí agus na ndaoine aonair eile, feidhmeoidh omhairle Contae na Mí na polasaithe agus treoirlínte atá leagtha amach sa rannóg thíos.

**5.10.14 Ceadanna Pleanála & Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt, 2000 - 2006**

Soláthraíonn Alt 96 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, go ndéanfar forfheidhmiú ar chuspóirí na Straitéise Tithíochta maidir le tithíocht sóisialta agus inacmhainne trí choinníollacha a bhaineann le ceadanna pleanála le haghaidh forbairt chónaitheach.

Beidh cuóta 20% de thithíocht sóisialta / inacmhainne le bheith soláthartha ó gach forbairt tithíochta laistigh den Chontae, ar thailte atá criosaithe d'úsáid chónaitheach nó meascán d'úsáidí cónaitheacha agus eile, de dhíth ar an gComhairle. Déanfar an riachtanas seo a áireamh mar choinníoll na forbartha, le heisceacht d'iarratas ar fhorbairt 4 teach nó níos lú, nó le haghaidh tithíocht ar stráice talúin 0.1 heicteár nó níos lú ag soláthar dó faoin Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2002. Dá chois sin beidh na forbairtí cónaitheacha uile a sháraíonn 4 aonad tithíochta nó aon suíomh beartaithe d'fhorbairt chónaitheach a sháraíonn 0.1 heicteár faoi réir an tsoláthair de Thithíocht "Sóisialta / Inacmhainne".

Tá na ríomhanna atá bainte amach ag an Roinn Pleanála tar éis a léiriú nach foláir an riachtanas 20% uasta a fheidhmiú ar fud an Chontae. Nuair atáthar ag déanamh cinneadh ar conas mar is ceart an figiúr seo a dháileadh ar fud an Chontae, ní foláir aird a thabhairt ar na ceantair sin ina bhfuil comhchruinniú níos mó de Thithíocht Sóisialta eiseach nó cumas níos fearr le haghaidh forbairt na tithíochta dá leithéid ar thailte faoi úinéireacht ag an Údarás Áitiúil & an earnáil Deonach.

Áiríonn An Uaimh 31.53% de 1ú rogha na ndaoine sin a cuimsítear ar Mheasúnú na Riachtanas. An chéad áit eile leis an éileamh is mó arna léiriú ag an 1ú rogha ná Ceanannas (8.5%), le Baile Átha Troim (7.5%) & Cill Déagláin (6.3%) ina dhiaidh sin. Chomh maith le sin tá éileamh suntasach i mBaile Átha Buí (4.7%), i mBaile an Bhiataigh (3.5%), i nDún Búinne (3.4%), san Inse (3.3%), sa Seanchaisleán (3.2%) agus i nDún Seachlainn (2.9%). Ní féidir leis na hÚdaráis Áitiúil an leibhéal seo de thithíocht sóisialta a sholáthar óna gcuid banc talmhaíochta.

Meastar go bhfuil sé riachtanach forfheidhmiú a dhéanamh ar scála comhghluaisteach de chóimheas na tithíochta inacmhainne ón áirithint 20% foriomlán bunaithe ar leibhéal an éilimh eiseach agus réamh-mheasta thar tréimhse an phlean. Feidhmeoidh cóimheas de 10% sóisialta agus 10% inacmhainne san Uaimh, feidhmeoidh cóimheas de 5% sóisialta agus 15% inacmhainne i gCill Dhéagláin, i gCeanannas & i mBaile Átha Troim agus feidhmeoidh cóimheas de 3% sóisialta agus 17% inacmhainne i ngach ionad eile sa Chontae. Déanfar ath-mheasúnú ar fhorfheidhmiú an chóimheasa seo agus an riachtanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an áirithint 20% uasta do thithíocht sóisialta agus inacmhainne ar bhonn bliantúil tar éis a glactar leis an bPlean Forbartha Contae.

**5.10.15 Modhanna Soláthair na Tithíochta Inacmhainne / Sóisialta**

D'fhéadfaí an riachtanas faoi Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, le haghaidh tithíocht Sóisialta / Inacmhainne i bhforbairtí a chomhlíonadh trí na modhanna seo a leanas nó comhcheangal dóibh

- Tarchur stráice den suíomh atá mar ábhar an iarratais pleanála chuig an Údarás Pleanála a chuirfidh ar chumas an Údaráis Pleanála an líon oiriúnach aonad a sholáthar dá dhroim sin ag sásamh riachtanais na Straitéise;
- An soláthar díreach de líon riachtanach na n-aonad tithíochta arna chomhlíonadh mar atá socraithe faoi réir an Straitéis, comhtháite mar chuid d'fhorbairt fhoriomlán suímh;

- c) An diúscairt de líon suímh atá seirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán laistigh den suíomh chuig an Údarás Pleanála a chuirfidh ar chumas an Údaráis Pleanála an líon oiriúnach aonad a sholáthar dá dhroim sin ag sásamh riachtanais na Straitéise;
- d) Tarchur chuig an Údarás Pleanála d'úinéireachta aon talamh laistigh de cheantar feidhmiúil an Údaráis Pleanála arna shásamh riachtanais na Straitéise;
- e) Tógáil agus tarchur, ar chomhlíonadh, chuig úinéireacht an Údaráis Pleanála de thithe ar thalamh laistigh de cheantar feidhmiúil an Údaráis Pleanála (mar atá imlínithe i d thuas) arna shásamh riachtanais na Straitéise;
- f) Tarchur roinnt suímh atá seirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán, chuig úinéireacht an Údaráis Pleanála ar thalamh laistigh de cheantar feidhmiúil an Údaráis Pleanála (mar atá imlínithe i d thuas) arna shásamh riachtanais na Straitéise;
- g) Íocaíocht a leithéid de mhéid atá sonraithe sa chomhaontú leis an Údarás Pleanála;
- h) Comhcheangal de tharchur talún a tagraítear dó in alt a) agus ceann amháin nó níos mó de na rudaí a dtagraítear dóibh roimh sin a dhéanamh, agus;
- i) Comhcheangal de 2 cheann nó níos mó de na roghanna a dtagraítear dóibh in ailt b) go g) a dhéanamh.

Agus iad ag teacht ar réitithe faoi Alt 96 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, beidh aird cuí ag an Údarás Pleanála ar chuspóirí an Phlean Forbartha agus na Straitéise Tithíochta lena n-áirítear sainchuspóirí difriúla maidir le comhaontuithe agus ceantair dhifriúla a tugtar futhu faoi soláthairtí an Achta.

Mar atá imlínithe ag Soláthar Tithíochta Sóisialta Nua ag Údarás Áitiúla na Mí (Rannóg 5.10.2), tá an banc talmhaíochta eiseach sna hionaid uirbeacha níos mó sa Chontae tar éis a bheith laghdaithe le linn seal an chláir tithíochta a aibhsítear i dTábla 19. Tá sé ag éirí deacair talamh a shealbhú, go háirithe san Uaimh agus in ionaid oirdheiscirt na Mí, de bharr an costas bíseach. Tá an t-éileamh is mó do thithíocht sóisialta san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i gCeanannas, i gCill Dhéagláin, i mBaile Átha Buí, i mBaile an Bhiataigh, i nDún Búinne, san Inse, sa Seanchaisleán agus i nDún Seachlainn. Tá roinnt talún ar fáil ag an Údarás Áitiúil san Uaimh agus i gCeanannas cé nach leor in aon chor é chun freastal ar scála an éilimh.

Tugann líon na roghanna féideartha atá ar fáil d'fhorbróirí de dheasca na reachtaíochta leasaithe in iomad solúbthacht d'fhorbróirí i gCo. na Mí ag sásamh riachtanais an tsoláthair tithíochta sóisialta agus inacmhainne agus ní baintear amach na cuspóirí chun tithíocht sóisialta agus inacmhainne a sholáthair sna suímh ina bhfuil tar éis an riachtanas a aithint. Tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfar riachtanais na tithíochta sóisialta agus inacmhainne i mbealach a shásaíonn an t-éileamh eiseach agus poitéinsiúil i ngach ionad. Tá sé do-ghlactha do Chomhairle Contae na Mí gur féidir le forbróirí scaradh go pras lena gcuid riachtanais sóisialta agus inacmhainne sna ceantair ina bhfuil an riachtanas is mó trí thalamh, tithe nó suímh sheirbhísithe a shealbhú in áiteanna nach bhfuil a leithéid d'éileamh i láthair nó ina bhfuil se i mhfad níos saoire talamh a shealbhú. Sonraíonn cur chuige an pholasáí a tógtar i bPlean Forbartha an Chontae na roghanna atá de shíth ar Chomhairle Contae na Mí in ionaid fhorbartha difriúla ag brath ar éileamh aitheanta. Úsáidfidh Comhairle Contae na Mí na soláthairtí de Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 - 2006 chun na riachtanais tithíochta sóisialta a shásamh i gceantair aitheanta an riachtanais.

An rogha tosaíochta atá ag Comhairle Contae na Mí maidir le sásamh na riachtanas tithíochta sóisialta de chuid na Straitéise Tithíochta seo le haghaidh forbairtí tithíochta traidisiúnta san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i gCill Dhéagláin, i gConair Dhún Búinne / Pace / Chluain Aodha, i nDún Seachlainn, i mBaile an Bhiataigh, san Inse, i Ráth Tó agus i mBaile Átha Buí ná:

- a) An soláthar díreach de líon riachtanach na n-aonad tithíochta arna chomhlíonadh mar atá socraithe faoi réir an Straitéis, comhtháite mar chuid d'fhorbairt fhoriomlán suímh;
- b) Tarchur stráice den suíomh atá mar ábhar an iarratais pleanála chuig an gComhairle a chuirfidh ar chumas na Comhairle an líon oiriúnach aonad a sholáthar dá dhroim sin ag sásamh riachtanais na Straitéise;
- c) An diúscairt de líon suímh atá seirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán laistigh den suíomh chuig an gComhairle a chuirfidh ar chumas na Comhairle an líon oiriúnach aonad a sholáthar dá dhroim sin ag sásamh riachtanais na Straitéise, agus;
- d) Comhcheangal de 2 cheann nó níos mó de na roghanna a dtagraítear dóibh in ailt a) go c) a dhéanamh.

Ní ghlacfar leis na roghanna eile a soláthraítear dóibh sna hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 - 2006 ach amháin le haghaidh árasáin nach bhfuil rochtain a ndorai féin acu ar urlár na talún agus i gcásanna eisceachtúla le haghaidh forbairtí tithíochta traidisiúnta ar iarratas agus i gcomhaontú scríofa roimh ré an Údaráis Áitiúil.

Le haird á thabhairt ar fhorbairtí tithíochta eile sna hionaid fhorbartha eile ar fad sa Chontae, ceadóidh Comhairle Contae na Mí réimse iomlán na roghanna soláthartha faoi na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 - 2006 le húsáid chun riachtanais tithíochta sóisialta na Straitéise Tithíochta seo a shásamh. Sá chás go dtarlaíonn tarchur talún, suímh sheirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán nó de thithe comhlíonta in áit seachas an áit ina bhfuil an scéim á forbairt, bheadh rogha tosaíochta an Údaráis Pleanála laistigh de Thoghcheantar na forbartha atá faoi réir riachtanais Cuid V.

Sá chás ina bhfuil tar éis tabhairt faoi shocrú ceangailteacha cheana féin maidir le suímh ar leithligh le haghaidh soláthar na tithíochta Sóisialta / Inacmhainne roimh ghlacadh na Straitéise seo, tabharfar aitheantas do na socruithe mar a bheith i sásamh iomlán na riachtanas do na suímh sin faoin Straitéis.

Feidhmeoidh an Chomhairle Cuid V den Acht i mbealach a spreagann agus a éascaíonn leibhéal an tsoláthair, a dhéanfaidh freastal ar éilimh gach earnáil den mhargadh. Chuirfeadh sé bac ar chuspóirí na Straitéise Tithíochta dá mba rud go mbeadh a forfheidhmiú mar chúis le haon moilliú míchuí, aon bhriseadh i soláthar na tithíochta, nó aon chur isteach ar an margach tithíochta.

Tá cóimheas na dtithe sóisialta le hinacmhainne le soláthar, leagtha amach i bPOL ST 14. Chomh fada agus is eolach ag am an chomhaontaithe, léireoidh an Chomhairle a gcuid tuairimí don fhorbróir maidir le soláthar na tithíochta sóisialta / inacmhainne. Áireoidh sé seo cur síos ar na tithe beartaithe, ar an talamh nó suímh le bheith tarchurtha, sa chás go bhfoirmíonn a leithéid de thailte cuid nó codanna de na tailte atá faoi réir an iarratais ar chead mar atá siad, nó atá sainithe ag an gcomhaontú mar chodanna nach foláir a áirithint le haghaidh soláthar na tithíochta.

Beidh aird ag an gComhairle, agus a leithéid de chomhaontuithe á dhéanamh acu, ar na nithe seo a leanas:

- An Plean Forbartha agus aon Phlean Ceantair Áitiúil ábhartha;
- An riachtanas chun cruinneas foriomlán na forbartha lena mbaineann an iarratas pleanála a chinntiú;
- Tuairimí an fhorbróra maidir le tionchar an chomhaontaithe ar an bhforbairt bheartaithe, agus;
- An gá atá le comhtháthú sóisialta.

Spreagfaidh Rannóga Pleanála & Tithíochta na Comhairle forbróirí tithíochta lena mbainfidh an cuóta 20% chun díospóireacht a dhéanamh ar théarma dóchúla de chomhaontuithe Cuid V mar chuid de na comhairliúcháin réamhphleanála. Mar sin beidh tuiscint choiteann ag an gComhairle agus an forbróir araon ar nádúr an comhaontaithe dóchúil sula ndéantar cinneadh chun cead pleanála a bhronnadh. Beidh sé mar chuspóir na Comhairle an comhaontú a chur i gcrích laistigh de dhá mhí ar a dhéanaí tar éis a bronntar an cead, ionas nach gcuirtear moill ar thosú na Forbartha Tithíochta. Déanfar an tithíocht sóisialta ar fad a sholáthraítear faoi Cuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, arna leasú, faoi réir na straitéise seo a leithdháileadh ar dhaoine ar an Liosta Feithimh don cheantar leithdháilte sin de réir Scéim Thosaíochtaí Ligin na Comhairle. Déanfar an tithíocht Inacmhainne ar fad a sholáthraítear faoi Cuid V den Acht arna leasú, faoi réir na Straitéise Tithíochta seo a leithdháileadh de réir Scéim na dTosaíochtaí do thithíocht inacmhainne mar atá glactha ag an gComhairle.

#### 5.10.16 Ag Freastal ar Riachtanais na nDaoine le Riachtanais Speisialta

Déileálann rannóg 7.4.3 go rannóg 7.4.12 den Phlean Forbartha le Cuimsiú Sóisialta, lena n-áirítear grúpaí le riachtanais dearaidh / pleanála sainiúla ar nós daoine níos sine, daoine le míchumas, an lucht siúil agus grúpaí mionlach eitneach. Déileálann an rannóg freisin le réimsí an mhíbhuntáiste, lena n-áirítear Clár Rapid atá i bhfeidhm san Uaimh. Ba cheart go léifí an rannóg seo a leanas i gcomhar le Rannóg 7.4.3 go rannóg 7.4.12.

##### 5.10.16.1 Soláthairtí Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

An phríomhbhéim i bpolasáí tithíochta do dhaoine scothaosta de chuid na Comhairle ná chun daoine scothaosta a chumasú chun roghnú idir a gcuid tithe a oiriúnú le haghaidh na míchumais mhéadaitheach a bhaineann leis an seanaois nó bogadh go cóiríochta a oireann a gcuid riachtanas i mbealach níos fearr.

Scrúdóidh an Chomhairle an féidearthacht chun scéim a thabhairt isteach a dhéanfaidh éascú ar dhaoine scoth aosta atá ag aistriú a dtithe chuig an gComhairle mar mhalairt ar chóiríocht níos oiriúnaí.

Na príomh-shaincheisteanna tithíochta gur cheart aird a thabhairt orthu i soláthar na tithíochta do dhaoine níos sine ná:

- Suíomh – inrochtanaid iompar poiblí agus áiseanna miondíola aitiúla, agus gan a bheith lonnaithe ar fhána géar, agus;
- Dearadh inrochtana – ba cheart dó freastal ar riachtanais na ndaoine scothaosta le míchumas, agus iad siús gan míchumas araon .i. tithíocht aon urláir agus urláir dúbailte atá oiriúnach ar bhonn cás-ar-chás.

Soláthraíonn Cuid M de na Rialacháin Tógála, 2000 treoracha sainordaitheacha nach foláir do thithíocht nua uile (príobháideach, inacmhainne agus sóisialta) níos mó ná 45 méadar cearnach a bheith deartha chun tithíocht oiriúnaitheach / fadsaoil a chumasú ar dháta níos déanaí más gá. Ní foláir do sheomra folctha a bheith ar urlár na talún i ngach teaghlach agus a bheith deartha ionas go bhfuil sé inoiriúnaithe chun cóiríocht a sholáthar do dhuine le míchumas fisiceach. Mar thoradh ar a leithéid de bhearta beidh daoine níos sine ábálta a gcuid tithe a oiriúnú más gá agus cur isteach an bhogtha a sheachaint.

#### 5.10.16.2 Riachtanais Tithíochta na nDaoine le Míchumais

Tá tithíocht Sóisialta agus Inacmhainne, do dhaoine le míchumais, de dhíth maidir le haonaid ghéarchéime cuí, tithíocht dídeanach agus tacaíthe, agus roghanna maireachtála neamhspleácha. Tá réimse roghanna tithíochta de chích chun éascú a dhéanamh ar chatagóir seo an riachtanais. Níor cheart go mbeadh a leithéid de thithíocht scartha ón daonra i gcoitinne, ba cheart go mbeadh sí comhtháite laistigh d'eastáit tithíochta agus idir eastáit agus i mbailte agus sráidbhailte.

Ar bhonn ríthábhachtach, nuair is féidir, ba cheart dá leithéid de thithíocht freastal ar na riachtanais seo a leanas:

- Suíomh – a bheith inrochtana d'iompar poiblí;
- Rochtain – ba cheart freastal ar sho-rochtaineacht agus ar shábháilteacht na gcoisithe trína chinntiú go bhfuil na cosáin íslithe agus go gcloítear leis an deachleachtas, agus;
- Dearadh inrochtana – ba cheart go n-oirfeadh sé do riachtanais na dtiontaí agus mar sin tá gá le comhairliúchán díreach agus leanúnach leis an tiontaí ionchais (maidir le méid, dearadh agus gabháilais).

Maidir le tithíocht phríobháideach i láthair na huaire, tá Deontas do Dhuine le Míchumas ag an gComhairle chun cuidiú le húinéirí tí príobháideacha agus an cumas a thabhairt chun aon oiriúnú riachtanach / réasúnach a dhéanamh do theach chun freastal ar na riachtanais sainiúla atá ag duine le míchumas.

#### 5.10.16.3 Dearadh Eastáit Tithíochta, Meascadh Tithíochta & Cineálacha Tithíochta

Tá nádúr na tithíochta tar éis athrú go suntasach le blianta beaga anuas. Tá sé seo tar éis titim amach i gcomhthéacs d'athrú eacnamaíoch, sóisialta agus déimeagrafaic gasta. Tá patrún an riachtanais tar éis éirí níos éagsúla agus tá sé tréithrithe ag chineálacha teaghlach difriúla le riachtanais tithíochta sainiúla. Ní hamháin go n-áiríonn siad seo an aonad teaghlaigh traidisiúnta ach áirítear freisin tuismitheoirí aonair, daoine gan dídean, an lucht siúil agus daoine le míchumas. Mothaítear mar sin gur ríthábhachtach atá dearadh na tithíochta sóisialta / inacmhainne agus soláthraítear caighdeáin, riachtanais agus gnéithe dearaidh sainiúla i Rannóg 7.4.3 go rannóg 7.4.12 den Phlean seo.

## POLASAITHE

## Ginearálta

POL ST 1	Chun iarracht a dhéanamh meascán de chineálacha agus méideanna tithíochta a fháil i mbreathnú ar iarratais phleanála aonair ar fhorbairt chónaitheach agus i bhforbairt an stoc féin de chuid Comhairle Contae na Mí.
POL ST 2	CHun spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt na bpobal measctha agus cothromaithe ionas gur féidir ceantair um eisiámh sóisialta a sheachaint.
POL ST 3	Chun aird a thabhairt ar "Quality Housing for Sustainable Communities" RCORÁ 2007
POL ST 4	Chun comhtháthú a dhéanamh ar thithíocht sóisialta nua isteach i gcreatlach shóisialta agus uirbeach eiseach de chuid lonnáiocthaí an Chontae.

## Pleanáil do Dhaoine le Riachtanais Speisialta

POL ST 5	Chun aithint a dhéanamh ar an gá do dhaoine le riachtanais speisialta chun taitneamh a bhaint as timpeallacht maireachtála mhaith sa Chontae agus chun tacú le pobail áitiúla, úsaráis sláinte agus gníomhaireachtaí eile atá páirteach i soláthar na n-áiseanna do dhaoine le riachtanais speisialta.
POL ST 6	Chun tacú leis an earnáil deonach i bhforbairt na tithíochta do dhaoine le riachtanais speisialta.
POL ST 7	Chun tacú le coincheap na maireachtála neamhspleách do dhaoine níos sine agus daoine le míchumais agus a chinntiú nuair is féidir go bhfuil an tithíocht dá leithéid seo de ghrúpaí comhtháite leis an tithíoch príomhshrutha ina bpobail eiseacha. Beidh a leithéid de thithíocht suite cóngarach d'áiseanna miondíola áise agus pobail eiseacha nó tiomanta, nuair is féidir.
POL ST 8	Chun tús áite a thabhairt d'fheabhsú cóiríochta na ndaoine scothaosta le heaspa ar chonláistí bunúsacha na n-áiseanna sláintíocha intí agus chun soláthar le haghaidh míchumas méadaitheach.
POL ST 9	Chun aird ar leithligh a thabhairt ar dhaoine scothaosta ar ioncaim ísle i gcóiríocht fhochaighdeán, atá ar cíos go príobháideach nuair atá cóiríocht na ndaoine scothaosta á phleanáil agus á leithdháileadh.



POL ST 10	Chunspregadh a dhéanamh ar sholáthar aonaid maireachtála féinchuimsitheacha, beaga fóna laistigh de choimpléacs d'áiseanna do dhaoine le riachtanais speisialta chun príobháideachas agus neamhspleáchas a chothú leis an gcosaint de thimpeallacht níos dídeanaí ag an am céanna. Chuige seo, lonnófar tithíocht dídeanach i mbailte nó sráidbhailte chun leasana hinfhuanaitheachta, na hinrochtaineachta, an chuimsithe sóisialta agus infhaighteacht na seribhísí uisce.
POL ST 11	Chun tacú le tograí ar ionaid lae do dhaoine le riachtanais speisialta, laistigh, nó i ngiorracht, na n-ionad baile, sráidbhaile agus comharsana, faoi réir na gnáth riachtanais phleanála.
POL ST 12	Chun cead a thabhairt do leathnú oiriúnach d'áitreabh eiseach chun freastal ar na daoine scothaosta nó na daoine le míchumas sa teaghlach, faoi réir na gnáth riachtanais phleanála.

#### Tithíocht Sóisialta & Inacmhainne

POL ST 13	Go mbeadh sé riachtanach go gcuirfí 20% de thalamh criosaithe d'fhorbairt chónaitheach nó do mheascán úsáidí cónaitheacha agus eile ar fáil le haghaidh soláthar na tithíochta sóisialta agus inacmhainne. D'fhéadfaí an figiúr seo a choigeartú de réir aon leasú ar an Straitéis Tithíochta a baintear amach le linn tréimhse Plean Forbartha an Chontae.
POL ST 14	Feidhmeoidh cóimheas de 10% sóisialta agus 10% inacmhainne san Uaimh, feidhmeoidh cóimheas de 5% sóisialta agus 15% inacmhainne i gCill Dhéagláin, i gCeanannas & i mBaile Átha Troim agus feidhmeoidh cóimheas de 3% sóisialta agus 17% inacmhainne i ngach ionad eile sa Chontae.

## POL ST 15

Go mbeadh sé riachtanach d'fhorbróirí cloí le Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt trí na roghanna seo a leanas de réir mar atá ábhartha don ionad ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe. Le haghaidh forbairtí tithíochta traidisiúnta san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i gCill Dhéagláin, i gConair Dhún Búinne / Pace / Chluain Aodha, i nDún Seachlainn, san Inse / i mBaile an Bhiataigh, i Ráth Tó, agus i mBaile Átha Buí, is iad na roghanna atá ar fáil chun riachtanais na Straitéise Tithíochta thuas a shásamh ná:

- An soláthar díreach de líon riachtanach na n-aonad tithíochta ar an suíomh atá mar ábhar an iarrtais pleanála chuig an gComhairle ar chomhlíonadh mar a bheartaítear faoi réir na Straitéise, comhtháite mar chuid den fhorbairt foriomlán de shuíomh;
- Tarchur stráice den suíomh atá mar ábhar an iarrtais pleanála chuig an gComhairle a chumasóidh an Chomhairle chun an líon oiriúnach aonad a sholáthar dá dhroim sin ag sásamh riachtanais na Straitéise;
- An diúscairt de líon suímh atá seirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán laistigh den suíomh atá mar ábhar an iarrtais pleanála chuig an gComhairle a chuirfidh ar chumas na Comhairle an líon oiriúnach aonad a sholáthar dá dhroim sin ag sásamh riachtanais na Straitéise, nó;
- Comhcheangal de 2 cheann nó níos mó de na roghanna a dtagraítear dóibh in ailt a) go c) thuas a dhéanamh.

Ní ghlacfar leis na roghanna eile a soláthraítear dóibh san Achtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú) ach amháin le haghaidh árasáin nach bhfuil rochtain a ndoras féin acu ar urlár na talún agus i gcásanna eisceachtúla le haghaidh forbairtí tithíochta traidisiúnta ar iarratas agus i gcomhaontú scríofa roimh ré an Údaráis Áitiúil.

Maidir le forbairtí tithíochta sna hionaid fhorbartha eile ar fad, ceadóidh Comhairle Contae na Mí réimse iomlán na roghanna soláthartha faoin Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 (Leasú) le húsáid chun riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne na Straitéise Tithíochta seo a shásamh. Sá chás go dtarlaíonn tarchur talún, suímh sheirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán nó de thithe comhlíonta in áit seachas an áit ina bhfuil an scéim á forbairt, ní foláir don áit sin a bheith lonnaithe laistigh de Thoghcheantar na forbartha atá faoi réir riachtanais Cuid V.

## POL ST 16

Sonraíonn an Straitéis Lonnaíochta Tuaithe i mBailte Fáis Bhig, i bPríomh-Shráidbhailte agus i Sráidbhailte, go ndéanfar idir 25 - 30% d'fhorbairtí iltithíochta nua uile, gur forbairtí iad atá níos mó ná ceithre theach, a chaomhnú do dhaoine gurb as Co. na Mí dóibh ó dhúchas nó do na daoine siúd go bhfuil sé de dhíth orthu maireachtáil san ionad uirbeach de bharr a gcuid fostaíochta. Déanfar an chuid eile de na tithé ina leithéid d'fhorbairtí iltithíochta a sholáthar le haghaidh fás áitiúil amháin. Mar chuid d'áiríthint 25 - 30% d'aonaid iltithíochta le haghaidh riachtanais áitiúla áireofar an áiríthint 20% le haghaidh riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne.

## CUSPÓIRÍ

## Pleanáil do Dhaoine le Riachtanais Speisialta

## CUS ST 1

Chun tabhairt faoi athbheithniú bliantúil de liostaí feithimh na tithíochta sóisialta agus pairt a ghlacadh i gcomhairliúchán le heagraíochtaí agus grúpaí míchumais áitiúla chun méid agus suíomh a leithéid de thithíocht atá de dhíth a roghnú, agus ar mhaithe le taighde a dhéanamh ar riachtanais tithíochta aonair.

CUS ST 2	Chun cóiríocht oiriúnach a sholáthar don “Lucht Siúil” trí fhorfheidhmiú a dhéanamh ar “Chlár Cóiríochta an Lucht Siúil 2005 - 2008” agus aon Chlár iartheachtach a glactar le linn saolré an Phlean Forbartha seo.
CUS ST 3	Chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí chun polasaí a fhorbairt le haghaidh soláthar na cóiríochta gearrthéarmach do theifigh agus iarrthóirí tearmainn sa Mhí agus chun a chinntiú go n-áiríonn Plean Gníomhaíochta na Comhairle um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne an soláthar fadtéarmach do theifigh. Déanfar breathnú, i soláthar na tithíochta do theifigh, ar mhéid agus struchtúr an teaghlaiigh agus an gá atá le rochtain ar thacaíochtaí sóisialta i dtéarmaí teanga, oideachais, fostaíochta.
<b>Tithíocht Sóisialta &amp; Inacmhainne</b>	
CUS ST 4	Chun leanúint ar aghaidh ag forfheidhmiú “Plean Gníomhaíochta Údarás Áitiúla na Mí um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne 2004 - 2008” agus aon Phlean Gníomhaíochta iartheachtach a glactar le linn saolré an Phlean Forbartha seo.
CUS ST 5	Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta go bliantúil agus, más gá, athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí áirithinte atá imlínithe sa Straitéis seo ag cuimsiú briseadh síos na n-aonad tithíochta sóisialta agus inacmhainne le haghaidh ionaid uirbeacha difriúla.
CUS ST 6	Déanfar leasú ar fhigiúirí soláthair na tithíochta sóisialta atá cuimsithe sa Phlean Forbartha tar éis a glactar le leagan iartheachtach de Phlean Gníomhaíochta Údarás Áitiúla na Mí um Thithíocht Sóisialta & Inacmhainne.
CUS ST 7	Chun dul i gcomhairle go minic i mbealach cuimsitheach leis na hearnálacha tithíochta Deonaí agus Comharchumainn le linn saolré an Phlean Forbartha chun deiseanna a aithint agus a aontú dá rannpháirtíocht i dtógáil na dtithe sóisialta agus inacmhainne. Go bunúsach díreoidh an comhairliúchán seo ar na Cumainn Tithíochta Deonaí agus Chomharchumainn atá ag feidhmiú i láthair na huaire sa Mhí nó atá tar éis suim a léiriú i bheith ag obair sa cheantar.
CUS ST 8	Chun feabhsú a dhéanamh ar chaighdeán an eolais a aistrítear idir Chomhairle Contae na Mí, an tionscail tógála agus gach grúpa eile le páirt nó sciar acu i soláthar na tithíochta sóisialta / inacmhainne.

